


## ALT 8 ACHT AN GHARDA SÍOCHÁNA 2005

### Treoir Ghinearálta Uimh. 3B

De bhun na gcumhachtaí a bhronntar uirthi ag Alt 8 (4) Acht an Gharda Síochána 2005, leis seo, tugann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí an treoir ghinearálta a leanas maidir le hionchúisimh a thionscnamh agus a sheoladh ag an nGarda Síochána.

Roghnaíonn an Stiúrthóir cur de lámh go hachomair gan comhad an Gharda Síochána a chur isteach maidir le cion faoi alt 69(3) den Acht um Chlárú Sibhialta 2004, arna leasú.

Ba cheart don Gharda atá i gceannas ar an gcás smaoineamh ar chomhad a chur ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i gcás ar bith nuair is é an cás, cé go bhfuil an cion nó na cionta gafa ag an toiliú ginearálta thuas, go dtugtar le tuiscint le héagsúlacht na gcúiseanna nó le taifead roimhe sin an chúisí nó le himthosca géaraitheacha eile nach mbeadh cur de lámh go hachomair iomchuí nó go mbeadh pianbhreith 12 mhí (nó i gcás nuair atá níos mó ná cion amháin ann pianbhreith 24 mhí) leordhóthanach.



Catherine Pierse  
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

8 Samhain 2021